



An curaclam bunscoile nua:

An t-eolas is gá duit a bheith agat mar
thuismitheoir nó mar chaomhnóir

an curaclam
bunscoile nua,

an uair a bheidh
athruithe le tarlú, agus

an áit ar féidir leat
eolas breise a fháil.

An curaclam bunscoile nua

I gcuraclam leagtar amach an t-ábhar ba cheart do leanaí a fhoghlaim agus an chaoi inar féidir leo é a fhoghlaim ar scoil.

Tá an curaclam atá in úsáid inár mbunscoileanna agus inár scoileanna speisialta 24 bliain d'aois agus tá athrú ag teacht air anois. Seo roinnt samplaí de na rudaí a dhéanfaidh an curaclam nua:

- tógfar ar rath agus ar láidreachtaí an churaclaim reatha
- cruthófar naisc lena mbíonn á fhoghlaim agus leis an gcaoi ina bhfoghlaimíonn leanaí i réamhscoileanna, i mbunscoileanna, i

scoileanna speisialta agus in iar-bhunscoileanna

- cuirfear san áireamh réimsí nua foghlama, ar nós Teicneolaíocht agus Innealtóireacht, Oideachas Ealaíona níos leithne agus Nuatheangacha lasachta a thosóidh ó rang a trí ar aghaidh



- cuirfear leithdháiltí ama molta nua ar fáil do gach réimse/ábhar curaclaim



- cuirfear níos mó solúbthachta ar fáil do mhúinteoirí agus cinntí á ndéanamh acu faoin gcaoi is fearr le ham ranga a úsáid
- leagfar béim ar an tábhacht a bhaineann le spraoi agus spraiúlacht san fhoghlaim do gach leanbh ó na naíonáin shóisearacha go dtí rang a sé.



Cuimseoidh an curaclam bunscoile nua na cúig réimse agus ábhar seo a leanas: -

Teanga

Béarla, Gaeilge agus Nuatheangacha lasachta ó rang a trí.

Oideachas ETIM

Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice.

Folláine

Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus Corpoideachas.

Oideachas Ealaíon

Drámaíocht, Ealaín agus Ceol.

Oideachas Sóisialta agus Imshaoil

Stair agus Tíreolaíocht.

Mar aon leis na cúig réimse atá leagtha amach thuas, tá Clár an Phátrúin mar chuid d'eispéireas foghlama do linbh i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta. Tá ceart dlíthiúil ag an bpátrún, an comhlacht a bhunaíonn agus a fheidhmíonn an

scoil faoin Acht Oideachais 1998, a chlár féin (clár an phátrúin) a dhearadh agus a chur i bhfeidhm de réir éiteas a scoile. I bhformhór chláir na bpátrún, díritear ar réimse an oideachais reiligiúnaigh.

Cathain a bheidh an curaclam bunscoile ag athrú?

Tá Curaclam Teanga na Bunscoile nua don Bhéarla agus don Ghaeilge á theagasc cheana féin inár mbunscoileanna agus inár scoileanna speisialta ó mhí Mheán Fómhair 2019. Tabharfar curaclam matamaitice nua isteach i scoileanna i mí Mheán Fómhair 2023. Beidh bliain ag múinteoirí le taithí a fháil air sula dtosóidh siad á mhúineadh sa rang ó mhí Lúnasa/Mheán Fómhair 2024. Beidh an curaclam matamaitice atá ann faoi láthair á mhúineadh ag múinteoirí go dtí sin.

Tabharfar isteach na hathruithe ar réimsí agus ábhair eile an churaclaim sa scoilbhliain dar tús Lúnasa/Meán Fómhair 2025.

Tuismitheoirí/Caomhnóirí agus an curaclam nua

Bíonn ról lárnach i gcónaí ag tuismitheoirí agus ag caomhnóirí in oideachas a linbh. Cuireann an curaclam nua cur chuige comhpháirtíochta chun cinn a spreagfaidh cumarsáid mhéadaithe idir scoileanna agus tuismitheoirí. Is é an aidhm atá leis seo ná tú a choinneáil ar an eolas faoi dhul chun cinn do linbh ar scoil agus an scoil a choinneáil ar an eolas faoi fhoghlaim do linbh sa bhaile.

Go dtí seo, bhí ionchur ag tuismitheoirí agus caomhnóirí sa churaclam trí chomhairliúcháin poiblí agus spriocdhírthe.



1 Scan an cód QR nó cliceáil ar an **nasc seo** do thorthaí an chomhairliúcháin.

Beidh deis i gcónaí ag tuismitheoirí agus caomhnóirí aiseolas a sholáthar ar na dréacht-réimsí agus na dréacht-ábhair curaclaim trí chomhairliúcháin phoiblí in 2024. Déanfar na comhairliúcháin seo a fhógairt go forleathan.

Cá bhfaighidh mé tuilleadh eolais?

Scan an cód QR nó cliceáil ar an nasc thíos.



2

cliceáil



3

cliceáil



4

cliceáil

1. NCCA.ie
2. Gov.ie
3. Curriculumonline.ie
4. NCSE.ie